Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Márta 2022
(OR. en)

6438/22

LIMITE

JAI 225
COPEN 59
CYBER 60
ENFOPOL 88
TELECOM 65
EJUSTICE 26
MI 131
DATAPROTECT 46

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0383 (NLE)**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear do na Ballstáit, chun leas an Aontais Eorpaigh, an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht |

**CINNEADH (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-údaraítear do na Ballstáit, chun leas an Aontais Eorpaigh, an Dara Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht a dhaingniú, Prótacal i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16 agus Airteagal 82(1), i gcomhar le hAirteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] IO L …/Toiliú an [dáta] (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 6 Meitheamh 2019, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht maidir leis an Dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht (CETS Uimh. 185) ('an Coinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht').

(2) An 17 Samhain 2021, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an Dara Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht, Prótacal i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí ('an Prótacal'), agus tá sé beartaithe é a oscailt lena shíniú an 12 Bealtaine 2022.

(3) Tagann forálacha an Phrótacail faoi réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha comhchoiteanna de réir bhrí Airteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena n-áirítear ionstraimí lena n-éascaítear comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, lena n-áirithítear íoschaighdeáin maidir le cearta nós imeachta, mar aon le coimircí i ndáil le cosaint sonraí agus le coimircí príobháideachas.

(4) Chuir an Coimisiún tograí reachtacha isteach freisin le haghaidh Rialachán maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla, agus le haghaidh Treoir lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla, lenar tugadh isteach Orduithe Táirgthe agus Caomhnaithe Eorpacha ceangailteacha trasteorann atá le díriú go díreach ar ionadaí de chuid soláthraí seirbhíse i mBallstát eile.

(5) Lena rannpháirtíocht sa chaibidlíocht ar an bPrótacal, d'áirithigh an Coimisiún a chomhoiriúnacht le rialacha comhchoiteanna ábhartha an Aontais.

(6) Tá gá le roinnt forchoimeádas, dearbhuithe, fógraí agus teachtaireachtaí maidir leis an bPrótacal chun comhoiriúnacht an Phrótacail le dlí agus beartais an Aontais a áirithiú. Tá roinnt eile acu ábhartha chun a áirithiú go gcuireann Ballstáit an Aontais ar Páirtithe iad sa Phrótacal ('na Páirtithe sa Phrótacal ar Ballstáit iad') an Prótacal i bhfeidhm go haonfhoirmeach maidir lena gcaidrimh le tríú tíortha ar Páirtithe iad sa Phrótacal ('na Páirtithe sa Phrótacal ar tríú tíortha iad'), agus go gcuirtear an Prótacal i bhfeidhm go héifeachtach freisin.

(7) Is gan dochar d'aon fhorchoimeádais nó dearbhuithe is mian leis na Ballstáit a dhéanamh ar bhonn aonair i gcás ina gceadóidh an Prótacal é sin atá na forchoimeádais, na dearbhuithe, na fógraí agus na teachtaireachtaí seo a dtugtar treoir do na Ballstáit ina dtaobh atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(8) Maidir leis na Ballstáit sin nach ndéanann na forchoimeádais, na dearbhuithe, na fógraí agus na teachtaireachtaí i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, a fhoirmiú tráth an tsínithe, ba cheart dóibh an méid sin a dhéanamh tráth a dhéanfar an ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó formheasa a thaisceadh i dtaca leis an bPrótacal.

(9) Tar éis dóibh an Prótacal a shíniú agus a dhaingniú, é a ghlacadh nó a fhormheas, ba cheart do na Ballstáit breathnú ar an méid a thugtar le fios san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(10) Déantar foráil sa Phrótacal maidir le nósanna imeachta meara lena gcuirtear feabhas ar rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach agus maidir le leibhéal ard coimircí. Dá bhrí sin, déanfar na rudaí seo a leanas de thairbhe a theacht i bhfeidhm: cuirfear leis an gcomhrac i gcoinne na cibearchoireachta agus cineálacha eile coireachta ar an leibhéal domhanda trí chomhar a éascú idir Páirtithe ar Ballstáit iad agus Páirtithe tríú tíortha, áiritheofar ardleibhéal cosanta do dhaoine aonair, agus tabharfar aghaidh ar choinbhleachtaí dlí.

(11) Déantar foráil sa Phrótacal maidir le coimircí iomchuí i gcomhréir leis na ceanglais i ndáil le haistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus faoi Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2]. Dá bhrí sin, áiritheofar an méid seo a leanas lena theacht i bhfeidhm: rannchuideofar le cur chun cinn chaighdeáin an Aontais maidir le cosaint sonraí ar an leibhéal domhanda, éascófar sreabha sonraí idir Páirtithe ar Ballstáit iad agus Páirtithe tríú tíortha, agus áiritheofar go gcomhlíonfaidh Páirtithe ar Ballstáit iad a gcuid oibleagáidí faoi rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí.

---

[1] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[2] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghnoimhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

(12) Le teacht i bhfeidhm mear an Phrótacail, deimhneofar tábhacht an Coinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht mar an príomhchreat iltaobhach sa chomhrac i gcoinne na cibearchoireachta é.

(13) Ní féidir leis an Aontas an Phrótacal a dhaingniú, ós rud é nach féidir ach le stáit amháin a bheith mar pháirtithe air.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart a údarú do na Ballstáit an Prótacal a dhaigniú, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh chun leas an Aontais.

(15) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa[1] agus ón gComhairle agus thug sé tuairim an 21 Eanáir 2022.

(16) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le CFAE, agus gan dochar d’Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

---

[1] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch, 39).

(17) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, Prótacal atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(18) Is iad na leaganacha Béarla agus Fraincise den Prótacal, a ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an 17 Samhain 2021, na leaganacha barántúla den téacs,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais ('an Prótacal')[1+], Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht.

*Airteagal 2*

1. Agus an Prótacal á dhaingniú acu, déanfaidh na Ballstáit sin, ar Ballstáit iad, tráth an Prótacal a shíniú, nach ndearna na forchoimeádais, na dearbhuithe, na fógraí nó na teachtaireachtaí i gcomhréir le Ranna 1 go 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, déanfaidh siad an méid sin tráth a dhéanfaidh siad a ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó formheasa an Phrótacail a thaisceadh.

2. Déanfaidh na Ballstáit, ina theannta sin, na sonrúcháin a leagtar amach i Roinn 4 d'Iarscribhínn a ghabhann leis an gCinneadh seo a chomhlíonadh tar éis dhaingniúcháin, ghlactha nó formheasa an Phrótacail.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

---

**1** Foilsítear téacs an Phrótacail in … [cuir isteach tagairt don IO].
\+ Toscaireachtaí/IO : féach doiciméid ST 14898/21.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 5*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*